



**An Bille um Ainm agus Seoladh Gaeilge an Duine
(Síneadh Fada), 2026**
**Irish Language Name and Address of the Person (Length
Accent) Bill 2026**

Meabhrán Mínitheach
Explanatory Memorandum



**AN BILLE UM AINM AGUS SEOLADH GAEILGE AN DUINE
(SÍNEADH FADA), 2026
IRISH LANGUAGE NAME AND ADDRESS OF THE PERSON
(LENGTH ACCENT) BILL 2026**

MEABHRÁN MÍNITHEACH

Spríoc an Bhille

Is é spríoc an Bhille seo ná go mbeidh dualgas ar gach comhlacht, is cuma más comhlacht poiblí nó príobháideach iad, atá faoi réir ag sonraí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, ainmneacha agus seoltaí atá taifeadta go míchruinn a cheartú de bhun iarratas ón duine ábhartha, lena n-áirítear síneadh fada in easnamh ar ghutha a cheartú, agus, ó 2030, go mbeidh dualgas ar chuideachtaí príobháideacha faoi rialáil ainm agus seoladh an duine i nGaeilge a thaifeadadh go cruinn. Bheadh dualgas freisin in aon chonradh nua nó athnuaithe don Éirchód meas a léiriú ar na dlíthe maidir le húsáid logainmneacha na Gaeltachta.

Déanann an Bille seo iarracht feidhm phraiticiúil a thabhairt don “cheart (atá) acu ón am a mbeirtear iad ainm a bheith orthu” mar atá leagtha amach in Airteagal 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, daingnithe ag an Stát sa bhliain 1992, trí dhearbhuí foirmeálta agus cosaint a thabhairt d’ainmneacha Gaeilge in Éirinn.

Is in Éirinn agus sa Ghaeilge atá an oidhreacht is sine ar domhain maidir le sloinntí, le stair scríofa ag tosú sna 900idí. Bhí ainmneacha agus sloinntí Gaelacha faoi chois ar feadh na céadta bliain ó tháinig Reachtanna Chill Chainnigh i bhfeidhm i 1367 ag brú ainmneacha Béarla in áit na Gaeilge, agus rinneadh idirdhealú ar dhaoine le “Ó” nó “Mac” ina sloinne. Ag an am céanna, bhí eagrais stáit ag galldú ainmneacha na nGael, go minic gan brí nó fiú nasc ag baint leis an ainm nua, ag déanamh scrios ar oidhreacht agus féiniúlacht an duine, rud a tharla dóibh siúd a bhog go tíortha eile i ndomhain an Béarla chomh maith agus iad ag lorg obair agus deiseanna sa tsochaí.

In ainneoin an cos ar bolg sin go léir, mhair traidisiún na nGael i gcónaí, agus tháinig athbheochan cultúir sa 19ú haois a spreag daoine chun Gaelú nó athGhaelú a dhéanamh ar a bhféiniúlacht, ainm agus sloinne san áireamh. Is sa chomhthéacs seo freisin a mhol an t-Éireannach Óg, Thomas Davis, agus an chéad Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus ar Éireann, Dubhghlas de hÍde, go ndéanfar logainmneacha na nGael a chur in úsáid arís tar éis na céadta bliain de bheith á dtruailliú ag an maorlathas agus ag an tSuirbhéireacht Ordanáis ach go háirithe.

Cé gur baineadh Stát amach sna 26 Chontae, áfach, níl cosaint fós sa dlí maidir le hainm agus seoladh an duine sa teanga náisiúnta. Glacann Oifig na bPasanna agus an Cárta Seirbhísí Poiblí le sintí fada ar ainm nó

seoladh, ach theastaigh brú ón gCoimisinéir Teanga chun a mhacasamhail a chinntiú ar shuíocháin traenach de chuid Iarnród Éireann, agus chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí nárbh ionann síneadh fada a fhágáil ar lár agus míchruinneas.

Níl feidhm ag baint le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chuirfeadh dualgas ar chomhlachtaí poiblí ainm agus seoladh an duine a úsáid go cruinn i nGaeilge le síntí fada toisc nach bhfuil comhlacht ar bith forordaithe ag Aire le go dtiocfadh siad faoin bhforáil úd.

Tá sé ráite ag an gCoimisinéir Teanga “gur ceist thábhachtach í seo agus léirigh an méid a tharla le linn eisiúint na bpostchód an gá follasach atá le reachtaíocht a chosnaíonn ceart an tsaoránaigh go mbeadh a (h) ainm agus sloinne ina rogha teanga oifigiúla.” Is ag déanamh tagairt don chóras Éirchód a bhí sé, a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2015 chun postchód a nascadh le gach teach, ach a rinne galldú ar logainmneacha Gaeltachta ag sárú Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chomh maith le galldú a dhéanamh ar ainmneacha agus seoltaí daoine gan toiliú don “*Eircode Finder*” ar líne. D’aithin an Coimisinéir Teanga go raibh dualgas reachtúil sáraithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ach d’fhadaigh an tAire Stáit Jack Chambers an conradh gan an fhadhb a réiteach.

Mar sin, tá daoine in Éirinn fós faoi iachall ainm, sloinne agus seoladh Gaeilge a ghalldú, agus a leaganacha féin, atá “neamhbhailí” dar le comhlachtaí poiblí, conraitheoirí ag soláthar seirbhísí stáit, agus cuideachtaí móra náisiúnta ag feidhmiú le cead ó rialálaí stáit ar nós Banc na hÉireann agus Aer Lingus. Fiú agus iad ag bailiú staitisticí ar ainmneacha, déanann an Príomh-Oifig Staidrimh taifead faoin leagan Béarla amháin, rud a léiríonn go bhfuil an galldú oifigiúil a tosaíodh le Reachtanna Chill Chainnigh fós i bhfeidhm.

Forálacha an Bhille

Alt 1: Gnáthfhoráil lena mínítear na téarmaí in úsáid sa Bhille ar nós Achtanna a luaitear ann.

Alt 2: Leasaítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 anseo chun soiléiriú a thabhairt go gcuimsíonn sonraí atá míchruinn leaganacha míchruinn d’ainm agus seoladh an duine, lena n-áirítear síneadh fada in easnamh ó, nó galldú ar, ainm nó seoladh Gaeilge an duine gan iarratas ón duine is ábhar do na sonraí.

Alt 3: Cuirtear alt nua in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 anseo chun dualgas a bhronnadh ar rialálaithe áirithe i leith seirbhísí príobháideacha airgeadais, fóntais, cumarsáide agus aerthaistil, agus cumas ag an Aire an liosta sin a leathnú, chun a chinntiú go ndéanann soláthraithe, ó 2030 ar aghaidh, deis a thabhairt don chustaiméir nó úsáideoir seirbhíse a ainm nó a hainm agus a seoladh nó a sheoladh a thaifeadadh go cruinn i nGaeilge agus an leagan sin amháin a bheith in úsáid le haghaidh comhfhreagras, billí, ticéid, pasanna bordála, cártaí creidmheasa agus dochair, seirbhísí idirghníomhacha agus próisis chláirúcháin, chomh maith le pionós ón rialálaí dóibh siúd nach ndéanann amhlaidh a éascú.

Alt 4: Leasaítear an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 anseo chun a chinntiú go gcuimsíonn aon chonradh nua nó athnuaite amach anseo do chóras na bpostchód náisiúnta (ar a dtugtar Éirchód) coinníollacha ag cinntiú nach n-úsáidfear ach seoltaí Gaeilge sa Ghaeltacht, go gcloífear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, go n-éascófar seoltaí Gaeilge amháin in áiteanna eile de bhun iarratas

ón duine is ábhar do na sonraí, agus go gcoiscfear galldú ar ainm nó ar sheoladh gan iarratas ón duine féin.

Alt 5: Déantar foráil anseo maidir le gearrtheideal an Bhille, maidir lena fhorléiriú agus lena lua, agus maidir le forálacha tosach feidhme.

Aengus Ó Snodaigh, TD, Réada Ní Chróinín, TD, agus Conchubhair Mac Aonghusa, TD,
Márta, 2026.